Na Rialacháin Foirgníochta a chur i bhfeidhm maidir le hobair ar fhoirgnimh atá ann cheana féin

Baineann na Rialacháin Foirgníochta le foirgnimh atá ann cheana nuair atá obair á déanamh ar fhoirgneamh de réir mar a fhorordaítear sna Rialacháin Foirgníochta 1997 (I.R. Uimh. 497 de 1997) arna leasú leis na Rialacháin Foirgníochta (Leasú ar Chuid L) 2008 (I.R. Uimh. 259 de 2008) agus leis na Rialacháin Foirgníochta (Leasú ar Chuid M) 2010 (I.R. Uimh. 513 de 2010).

Forordaítear le hAirteagal 9(2) de na Rialacháin Foirgníochta 1997 (arna leasú) nach ndéanfar oibreacha ar bith[1] ar fhoirgneamh a d'fhágfadh, i ndáil leis an bhfoirgneamh sin, sárú nua nó sárú níos géire ar fhoráil ar bith de chuid na Rialachán Foirgníochta.

Anuas air sin, faoi réir ag Airteagal 3 (Feidhm) agus Airteagal 8 (Díolúine), tá forálacha sna Rialacháin Foirgníochta 1997 (arna leasú) a bhaineann go sonrach le: -

- Athrú ábhartha, síneadh agus deisiú nó athnuachan;
- Seirbhísí fóntais, feisteas nó fearas a chur ar fáil (trí obair nua nó trí sheanobair a athrú);
- Athrú úsáide ábhartha.

1. Athrú ábhartha, síneadh agus deisiú nó athnuachan

I ndáil le hathrú ábhartha, síneadh[2] le foirgneamh agus obair deisiúcháin nó athnuachana[3], tá feidhm le hAirteagal 11 de na Rialacháin Foirgníochta 1997 (arna leasú) i ndáil le: –

(a) gach obair a bhaineann le hathrú ábhartha[4] nó síneadh le foirgneamh atá ann cheana féin,

(b) gach cuid d'fhoirgneamh lena mbaineann oibreacha den chineál a luaitear in alt (a) thuas ach sin maidir le cosc a chur ar aon obair den chineál sin a d'fhágfadh, i ndáil le foirgneamh den sórt sin, sárú nua nó sárú níos géire ar fhoráil ar bith de chuid na Rialachán Foirgníochta, agus maidir leis sin amháin,

(c) aon obair deisiúcháin nó athnuachana ar dócha go gcuirfeadh sé isteach ar shláine dhéanmhas an fhoirgnimh nó an ghné den fhoirgneamh atá á deisiú nó á athnuachan[5],

---

[1] Tagann san áireamh le ‘‘oibreacha’’ gníomh nó oibriúchán ar bith a bhaineann le foirgneamh a thógáil, a leathnú, a athrú, a dheisiú nó a athnuachan.

[2] Na Rialacháin Foirgníochta (Leasú ar Chuid L) 2008 (I.R. Uimh. 259 de 2008).

[3] Ciallaíonn deisiúchán nó athnuachan obair chothabhála nó athchóiriúcháin de ghnáthchineál a bhaineann le: -

a) foirgneamh a choinneáil i gcaoi mhaith nó i gcóir oibre, nó

b) creatlach an fhoirgnimh a chur ar ais mar a bhíodh ar dtús.

[4] Ciallaíonn “athrú ábhartha” athrú a thiocfadh an obair féin nó cuid den obair atá á déanamh faoi réir cheangal faoi Chuid A (Déanmhas), B (Sábháilteacht Dóiteáin) nó M (Rochtain agus Úsáid) den Dara Sceideal leis na Rialacháin Foirgníochta 1997 (arna leasú).

(d) Tá feidhm le Cuid L den Dara Sceideal leis na Rialacháin Foirgníochta maidir le hoibreacha athnuachana ar fhoirgnimh atá ann cheana féin lena mbaineann doirse, fuinneoga agus díonléasacha taobh amuigh a athrú,

(e) Tá de cheangal le Cuid L den Dara Sceideal leis na Rialacháin Foirgníochta freisin gur cheart go mbeadh éifeachtúlacht coire is fearr ná 90% in árais chónaithe (tá éifeachtúlacht > 86% le coirí comhdhlúthúcháin) mar a thugtar de shainmhíniú ina leith ar bhunachar HARP, ag baint le coirí ola nó gáis a chuirtear in ionad seanchinn.

(f) Níl feidhm le Cuid L den Dara Sceideal leis na Rialacháin Foirgníochta i ndáil le hoibreacha (síneadh san áireamh) ar fhoirgneamh atá ann cheana ar 'déanmhas faoi chosaint' atá ann nó "déanmhas atá beartaithe a chur faoi chosaint" de réir na céille a luaitear leis sin san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (I.R. Uimh. 30 de 2000).

2. Seirbhísí fóntais, feisteas agus fearas a chur ar fáil

I gcás seirbhísí fóntais ag foirgneamh, tá feidhm le hAirteagal 12 de na Rialacháin Foirgníochta 1997 (arna leasú) i ndáil le gach obair a bhaineann le seirbhísí, feisteas nó fearas a chur ar fáil (trí obair nua ar fad nó trí sheanchórais a athrú) maidir le foirgneamh sa chás go bhfuil coinníoll ina leith sin á cheangal le Cuid G (Sláinteachas), H (Draenáil agus Diúscairt Fuíolluisce) nó J (Fearais Giniúna Teasa) den Dara Sceideal leis na Rialacháin Foirgníochta.

3. Athrú úsáide ábhartha

Sa chás go dtarlaíonn athrú ábhartha maidir le húsáid foirgnimh, foráiltear le hAirteagal 13(1) de na Rialacháin Foirgníochta 1997 (arna leasú) go bhfuil feidhm lena gceanglaítear faoi: -

- Cuid A1 agus Cuid A2 (Déanmhas),
- Cuid B (Sábháilteacht ó Dhóiteán),
- Cuid C4 (Ullmhú Láithreáin agus Frithsheasmhacht in aghaidh Taise),
- Cuid F (Aeráil),
- Cuid G (Sláinteachas),
- Cuid H (Draenáil agus Diúscairt Fuíolluisce),
- Cuid J (Fearais Giniúna Teasa), agus
- Cuid L (Caomhnú Breosla agus Fuinnimh)

[5] Tá feidhm leis na Rialacháin Foirgníochta 1997 (arna leasú) i ndáil le haon obair deisiúcháin nó athnuachana, ar fhoirgneamh atá ann cheana féin, an 1 Eanáir 2003 nó tráth ar bith ina dhiaidh sin, ar dócha go gcuirfeadh sé isteach ar shláine dhéanmhas an fhoirgnimh, nó ghné den fhoirgneamh, atá á dheisiú nó á athnuachan. Déantar ar an gcaoi sin moladh a luaitear in *Report of the Working Party on the Safety of Parapets and Analogous Building Elements* (Meán Fómhair 2001) a chur i bhfeidhm.

i ndáil leis an bhfoirgneamh lena mbaineann an t-athrú úsáide. Anuas air sin, tá feidhm le Cuid M i ndáil leis an bhfoirgneamh nuair a tharlaíonn athrú ábhartha ar an úsáid mar a luaitear in Airteagail 13(2)(b)(i), 13(2)(b)(ii), 13(2)(b)(iv), 13(2)(b)(vi), 13(2)(b)(vii) nó 13(2)(b)(viii) de na Rialacháin Foirgníochta 1997 (arna leasú).

Is i gcomhréir le hAirteagal 11 de na Rialacháin Foirgníochta (arna leasú) a dhéanfar an obair is gá, más gá obair ar bith, chun a chinntiú go bhfuil an foirgneamh ag teacht leis na coinníollacha áirithe sin.